BREITHIÚNAS NA CÚIRTE (an Mór-Dhlísheomra)

22 Feabhra 2022*

(Tarchur chun réamhrialú – Nós imeachta práinne um réamhrialú – Comhar breithiúnach in ábhair choiriúla – Barántas gabhála Eorpach – Cinneadh Réime 2002/584/CGB – Airteagal 1(3) – Nósanna imeachta um thabhairt suas idir na Ballstáit – Coinníollacha maidir le forghníomhú – An Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh – An dara mír d'Airteagal 47 – Ceart bunúsach chun triail chóir a fháil os comhair cúirt neamhspleách agus neamhchlaonta arna bunú roimhe sin le dlí – Easnaimh shistéamacha nó ghinearálaithe – Measúnú dhá chéim – Critéir maidir le cur i bhfeidhm – Oibleagáid ar an údarás breithiúnach forghníomhaitheach fíorú ar mhodh nithiúil agus beacht an bhfuil forais shubstaintiúla agus chruthaithe ann chun a chreidiúint go bhfuil, i gcás go dtugtar suas an duine is ábhar do bharántas gabhála Eorpach, fíorbhaol ann go sárófar a cheart bunúsach chun triail chóir a fháil os comhair cúirt neamhspleách agus neamhchlaonta arna bunú roimhe sin le dlí)

I gCásanna Uamtha C-562/21 PPU agus C-563/21 PPU,

Dhá IARRAIDH ar réamhrialú faoi Airteagal 267 CFAE ó Rechtbank Amsterdam (Cúirt Dúiche, Amstardam, an Ísiltír), trí bhreitheanna an 14 Meán Fómhair 2021, a fuarthas ag an gCúirt an 14 Meán Fómhair 2021, sna himeachtaí a bhaineann le forghníomhú barántas gabhála Eorpach a eisíodh i gcoinne

X (C-562/21 PPU)

Y (C-563/21 PPU)

tugann AN CHÚIRT BHREITHIÚNAIS (an Mór-Dhlísheomra),

agus í comhdhéanta mar seo a leanas: K. Lenaerts, Uachtarán, L. Bay Larsen, Leas Uachtarán, A. Arabadjiev, A. Prechal, C. Lycourgos, S. Rodin, I. Jarukaitis, N. Jääskinen (Rapóirtéir), I. Ziemele agus J. Passer, Uachtaráin Dlísheomraí, M. Ilešič, J.-C. Bonichot, L. S. Rossi, A. Kumin agus N. Wahl, Breithiúna,

Abhcóide Ginearálta: A. Rantos,

Cláraitheoir: M. Ferreira, Príomhriarthóir,

ag féachaint don nós imeachta i scríbhinn agus i ndiaidh na héisteachta an 16 Samhain 2021,

* Teanga an cháis: an Ollainnis

agus tar éis breithniú a dhéanamh ar na barúlacha arna dtíolacadh:

– thar ceann X, ag N.M. Delsing agus W.R. Jonk, advocaten,

– thar ceann Openbaar Ministerie, ag C.L.E. McGivern agus K. van der Schaft,

– thar ceann Rialtas na hÍsiltíre, ag M.K. Bulterman agus J. Langer, i gcáil Gníomhairí,

– thar ceann na hÉireann, ag J. Quaney, i gcáil Gníomhaire, le cúnamh ó R. Kennedy, AS,

– thar ceann Rialtas na Polainne, ag S. Żyrek, J. Sawicka agus B. Majczyna, i gcáil Gníomhairí,

– thar cheann an Choimisiúin Eorpaigh, ag S. Grünheid, K. Herrmann, P. Van Nuffel agus J. Tomkin, i gcáil Gníomhairí,

tar éis éisteacht le tuairim an Abhcóide Ghinearálta ag éisteacht an 16 Nollaig 2021,

an Breithiúnas seo a leanas:

Breithiúnas

1 Baineann na hiarrataí ar réamhrialú le léirmhíniú ar Airteagal 1(3) de Chinneadh Réime 2002/584/CGB ón gComhairle an 13 Meitheamh 2002 maidir leis an mbarántas gabhála Eorpach agus na nósanna imeachta um thabhairt suas idir Ballstáit (IO 2002 L 190, lch. 1), arna leasú le Cinneadh Réime 2009/299/CGB ón gComhairle an 26 Feabhra 2009 (IO 2009 L 81, lch. 24) ("Cinneadh Réime 2002/584"), chomh maith le hAirteagal 47 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh ("an Chairt").

2 Rinneadh na hiarrataí i gcomhthéacs forghníomhú dhá bharántas gabhála Eorpacha, faoi seach, a d'eisigh Sąd Okręgowy w Lublinie (Cúirt Réigiúnach, Lublinie, an Pholainn), i gCás C-562/21 PPU, an 6 Aibreán 2021, chun pianbhreith choimeádta a forchuireadh ar X a fhorghníomhú, agus, an Sąd Okręgowy w Zielonej Górze (Cúirt Réigiúnach, Zielonej Górze, an Pholainn) i gCás C-563/21 PPU, an 7 Aibreán 2021, chun críoch ionchúisimh choiriúil i ndáil le Y.

An dlí lena mbaineann

Dlí an Aontais Eorpaigh

3 Foráiltear in aithrisí 5, 6 agus 10 de Chinneadh Réime 2002/584 mar a leanas:

"(5) De bharr an chuspóra a shanntar don Aontas [Eorpach] le bheith ina limistéar saoirse, slándála agus ceartais, cuirtear deireadh leis an eiseachadadh idir na Ballstáit agus cuirtear córas um thabhairt suas idir údaráis bhreithiúnacha ina ionad. Ina theannta sin, trí thabhairt isteach córais nua shimplithe um dhaoine ciontaithe nó daoine a bhfuil amhras fúthu a thabhairt suas, chun críoch breithiúnas nó ionchúisimh a fhorghníomhú, in ábhair choiriúla, is féidir deireadh a chur leis an gcastacht agus leis na rioscaí moille atá mar shainghnéithe de nósanna imeachta eiseachadta faoi láthair. Ba cheart córas saorghluaiseachta cinntí breithiúnacha in ábhair choiriúla, idir chinntí

réamh-phianbhreithe agus chinntí pianbhreithe críochnaitheacha, i réimse na saoirse, na slándála agus an cheartais a chur in ionad an chaidrimh comhair thraidisiúnta atá i réim go dtí seo idir na Ballstáit.

(6) Is é an barántas gabhála Eorpach dá bhforáiltear sa Chinneadh Réime seo an chéad léiriú nithiúil, i réimse an dlí choiriúil, ar phrionsabal an aitheantais fhrithpháirtigh ar chuir an Chomhairle Eorpach síos air mar 'bhunchloch' an chomhair bhreithiúnaigh.

[...]

(10) Tá an sásra um barántas gabhála Eorpach bunaithe ar ardleibhéal muiníne idir na Ballstáit. Ní fhéadfar a chur chun feidhme a chur ar fionraí ach amháin i gcás ina ndéanfaidh ceann de na Ballstáit sárú tromchúiseach agus leanúnach ar na prionsabail a leagtar amach in Airteagal 6(1) [CAE], arna chinneadh ag Comhairle [an Aontais Eorpaigh] de bhun Airteagal 7(1) [CAE] leis na hiarmhairtí dá bhforáiltear i mír 2 den Airteagal céanna."

[aistriúchán neamhoifigiúil]

4 Foráiltear le hAirteagal 1 den Chinneadh Réime sin, dar teideal "Sainmhíniú ar an mbarántas gabhála Eorpach agus an oibleagáid é a fhorghníomhú" mar a leanas:

"1. Is cinneadh breithiúnach arna eisiúint ag Ballstát é an barántas gabhála Eorpach chun duine a lorgaítear chun críoch ionchúisimh choiriúil nó chun pianbhreith choimeádta nó ordú coinneála a fhorghníomhú a ghabháil agus a thabhairt suas do Bhallstát eile.

2. Déanfaidh na Ballstáit aon bharántas gabhála Eorpach a fhorghníomhú ar bhonn phrionsabal an aitheantais fhrithpháirtigh agus i gcomhréir le forálacha an Chinnidh Réime seo.

3. Ní bheidh d'éifeacht leis an gCinneadh Réime seo an oibleagáid a mhodhnú chun cearta bunúsacha agus bunphrionsabail dlí a urramú mar a chumhdaítear iad le hAirteagal 6 [CAE]."

[aistriúchán neamhoifigiúil]

5 Le hAirteagail 3, 4 agus 4a den Chinneadh Réime sin, leagtar amach na forais le haghaidh neamhfhorghníomhú sainordaitheach agus roghnach an bharántais gabhála Eorpaigh.

6 In Airteagal 8 den Chinneadh Réime céanna, sonraítear inneachar agus foirm an bharántais gabhála Eorpaigh.

7 De réir Airteagal 15 de Chinneadh Réime 2002/584, dar teideal "Cinneadh maidir le Tabhairt Suas":

"1. Cinnfidh an t-údarás breithiúnach forghníomhaitheach, laistigh de na teorainneacha ama agus faoi na coinníollacha a shainítear sa Chinneadh Réime seo, an duine a thabhairt suas.

2. Má mheasann an t-údarás breithiúnach forghníomhaitheach nach leor an fhaisnéis a chuir an Ballstát eisiúna in iúl ionas go bhféadfaidh sé cinneadh a dhéanamh maidir leis an duine a thabhairt suas, iarrfaidh sé go soláthrófar an fhaisnéis bhreise is gá go práinneach, go háirithe maidir le hAirteagail 3 go 5 agus 8, agus féadfaidh sé spriocdháta a shocrú chun í a fháil, ag cur san áireamh an gá leis na teorainneacha ama a leagtar amach in Airteagal 17 a urramú.

3. Féadfaidh an t-údarás breithiúnach eisiúna, tráth ar bith, aon fhaisnéis úsáideach bhreise a tharchur chuig an údarás breithiúnach forghníomhaitheach.”

[aistriúchán neamhoifigiúil]

Dlí na hÍsiltíre

8 Trasuíodh Cinneadh Réime 2002/584 i ndlí na hÍsiltíre leis an Wet tot implementatie van het kaderbesluit van de Raad van de Europese Unie betreffende het Europees aanhoudingsbevel en de procedures van overlevering tussen de lidstaten van de Europese Unie (Overleveringswet) [dlí chun an Cinneadh Réime ó Chomhairle an Aontais Eorpaigh maidir leis an mbarántas gabhála Eorpach agus na nósanna imeachta um thabhairt suas idir Ballstáit a chur chun feidhme (an dlí um thabhairt suas)], an 29 Aibreán 2004 (Stb. 2004, Uimh. 195), arna leasú le dlí an 17 Márta 2021 (Stb. 2021, Uimh. 155).

Na díospóidí sna príomhimeachtaí agus na ceisteanna a tarchuireadh i gcomhair réamhrialú

Cás C-562/21 PPU

9 Fuair an chúirt a rinne an tarchur, Rechtbank Amsterdam (Cúirt Dúiche, Amstardam, an Ísiltír), iarraidh ar fhorghníomhú barántais gabhála Eorpaigh arna eisiúint an 6 Aibreán 2021 ag Sąd Okręgowy w Lublinie (Cúirt Réigiúnach, Lublinie). Lorgaítear sa bharántas gabhála Eorpach sin náisiúnach Polannach a ghabháil agus a thabhairt suas chun pianbhreith choimeádta dhá bhliain a fhorghníomhú, arna forchur ar an duine lena mbaineann le breithiúnas críochnaitheach an 30 Meitheamh 2020, as sracadh agus bagairt foréigin.

10 Níor thoiligh an duine lena mbaineann go dtabharfar suas é do Phoblacht na Polainne. Tá sé faoi choinneáil réamhthrialach san Ísiltír faoi láthair, ar feitheamh rialú na cúirte a rinne an tarchur maidir lena thabhairt suas.

11 Dar leis an gcúirt a rinne an tarchur, níor aithin sí aon chúis lena bhféadfaí cur i gcoinne an duine a thabhairt suas, ach amháin an chúis lena mbaineann an cheist a chuir sí faoi bhráid na Cúirte.

12 Measann an chúirt sin, ó 2017 i leith, go bhfuil easnaimh shistéamacha nó ghinearálaithe ann a bhfuil tionchar acu ar neamhspleáchas na mbreithiúna sa Bhallstát eisiúna. Tá na heasnaimh sin, a bhí ann cheana nuair a eisíodh an barántas gabhála Eorpach dá dtagraítear i mír 9 den bhreithiúnas seo, imithe in olcas ó shin i leith. Dar leis an gcúirt sin, tá fíorbhaol ann, dá bhrí sin, i gcás é a thabhairt suas don Bhallstát eisiúna, go ndéanfar sárú ar cheart bunúsach an duine lena mbaineann chun triail chóir a fháil, arna ráthú leis an dara mír d’Airteagal 47 den Chairt. Tá na heasnaimh sin, a bhí ann cheana nuair a eisíodh an barántas gabhála Eorpach dá dtagraítear i mír 9 den bhreithiúnas reatha, tar éis dul in olcas ó shin i leith. Tá na heasnaimh sin, a bhí ann cheana nuair a eisíodh an barántas gabhála Eorpach dá dtagraítear i mír 9 den bhreithiúnas seo, imithe in olcas ó shin i leith. Dar leis an gcúirt sin, tá fíorbhaol ann, dá bhrí sin, i gcás é a thabhairt suas don Bhallstát eisiúna, go ndéanfar sárú ar cheart bunúsach an duine lena mbaineann chun triail chóir a fháil, arna ráthú leis an dara mír d’Airteagal 47 den Chairt.

13 Dar leis an gcúirt a rinne an tarchur, déanann na heasnaimh sin difear, go háirithe, don cheart bunúsach chun cúirte arna bunú roimhe sin le dlí, ceart a ráthaítear leis an bhforáil sin.

14 Measann an chúirt sin go dtagann na heasnaimh atá i gceist, go háirithe, ón ustawa o zmianie ustawy o Krajowej Radzie Sądownictwa oraz niektórych innych ustaw (dlí lena leasaítear an dlí ar Chomhairle Náisiúnta na mBreithiúna agus dlíthe áirithe eile), an 8 Nollaig 2017 (Dz. U. de 2018, seasamh 3) ("dlí an 8 Nollaig 2017"), a tháinig i bhfeidhm an 17 Eanáir 2018, agus, go háirithe, an ról a chuirtear de chúram ar an Krajowa Rada Sądownictwa (Comhairle Náisiúnta na mBreithiúna, an Pholainn) ("KRS") i gceapadh chomhaltaí na breithiúnachta sa Pholainn.

15 I dtaca leis sin, tagraíonn an chúirt a rinne an tarchur don rún a ghlac an Sąd Najwyższy (an Chúirt Uachtarach, an Pholainn) an 23 Eanáir 2020, inar mheas an chúirt sin nach raibh KRS, toisc go raibh sé go díreach faoi réir na n-údarás polaitiúil ó theacht i bhfeidhm dhlí an 8 Nollaig 2017, ina chomhlacht neamhspleách. Bhí easnaimh sa nós imeachta chun breithiúna a cheapadh mar gheall ar an easpa neamhspleáchais sin. Dar leis an gcúirt a rinne an tarchur, maidir leis na cúirteanna eile, seachas an Sąd Najwyższy (an Chúirt Uachtarach), dealraíonn sé ón rún sin nach bhfuil an fhoirmíocht chúirte comhdhéanta go cuí, de réir bhrí an Kodeks postępowania karnego (Cód na Polainne um Nós Imeachta Coiriúil), nuair atá duine san fhoirmíocht a ceapadh mar bhreitheamh ar thogra ó KRS, i gcomhréir leis an reachtaíocht a tháinig i bhfeidhm an 17 Eanáir 2018, ós rud é go bhfuil sé de thoradh an easnaimh atá i gceist, in imthosca an cháis, go ndéantar sárú ar na ráthaíochtaí neamhspleáchais agus neamhchlaontachta, de réir bhrí Bhunreacht na Polainne, Airteagal 47 den Chairt agus Airteagal 6 den Choinbhinsiún Eorpach chun Cearta an Duine agus Saoirsí Bunúsacha a Chosaint, arna shíniú sa Róimh an 4 Samhain 1950 ("ECHR").

16 Tagraíonn an chúirt a rinne an tarchur freisin do bhreithiúnas an 15 Iúil 2021, *an Coimisiún v an Pholainn (Córas araíonachta do bhreithiúna)* (C-791/19, EU:C:2021:596, míreanna 108 agus 110).

17 Cuireann an chúirt sin in iúl freisin go bhfuil sí ar an eolas faoi liosta, arna tharraingt suas an 25 Eanáir 2020, ina bhfuil ainmneacha de 384 bhreitheamh a ceapadh ar thogra KRS ó theacht i bhfeidhm dhlí an 8 Nollaig 2017. Measann an chúirt sin gur dócha go bhfuil méadú tagtha ar líon na gceapachán den sórt sin ó shin.

18 Sna himthosca sin, measann an chúirt go bhfuil fíorbhaol ann gur ghlac breitheamh amháin nó níos mó a ceapadh ar thogra KRS ó theacht i bhfeidhm dhlí an 8 Nollaig 2017 páirt sna himeachtaí coiriúla i dtaca leis an duine lena mbaineann.

19 Maidir leis sin, shonraigh sí nach féidir leis an duine lena mbaineann, ón 14 Feabhra 2020 i leith, agóid éifeachtach a dhéanamh in aghaidh bailíocht ceapacháin breithimh ná faoi dhlíthiúlacht fheidhmiú chúraimí breithiúnacha an bhreithimh a thuilleadh. Dar léi, de bhua an ustawa o zmianie ustawy – Prawo o ustroju sądów powszechnych, ustawy o Sądzie Najwyższym oraz niektórych innych ustaw (dlí lena leasaítear an dlí maidir le heagrú na ngnáthchúirteanna, an dlí i ndáil leis an gCúirt Uachtarach agus dlíthe áirithe eile), an 20 Nollaig 2019 (Dz. U. de 2020, seasamh 190), a tháinig i bhfeidhm an 14 Feabhra 2020, níl cead ag cúirteanna na Polainne nithe den sórt sin a bhreithniú.

20 Ina theannta sin, cuireann an chúirt a rinne an tarchur in iúl go measann an Chúirt Eorpach um Chearta an Duine ina cásdlí, cé gur ceart neamhspleách é an ceart chun cúirte "arna bunú le dlí", mar a ráthaítear le hAirteagal 6(1) ECHR, go bhfuil dlúthbhaint aige fós leis na ráthaíochtaí neamhspleáchais agus neamhchlaontachta dá bhforáiltear leis an bhforáil sin. Ina leith sin, tagraíonn an chúirt a rinne an tarchur do na critéir arna mbunú leis an gcásdlí sin lena chinneadh an sárú ar an gceart chun cúirte arna bunú le dlí, de réir bhrí Airteagal 6(1) ECHR, iad na neamhrialtachtaí arna dtabhairt faoi deara sa phróiseas chun breithiúna a cheapadh (ECtHR, an

1 Nollaig 2020, *Ástráðsson* v. *an Íoslainn*, CE:ECHR:2020:1201JUD002637418, §§ 243 go 252, agus ECtHR, an 22 Iúil 2021, *Reczkowicz* v. *an Pholainn* CE:ECHR:2021:0722JUD004344719, §§ 221 go 224).

21 Fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur ar cheart na critéir sin a chur i bhfeidhm freisin i gcomhthéacs forghníomhú barántais gabhála Eorpaigh a eisíodh chun pianbhreith choimeádta nó ordú coinneála a fhorghníomhú.

22 Sna himthosca sin, chinn Rechtbank Amsterdam (Cúirt Dúiche, Amstardam) bac a chur ar na himeachtaí agus an cheist seo a leanas a tharchur chuig an gCúirt i gcomhair réamhrialú:

"Cén critéar ba cheart do chúirt a chur i bhfeidhm, cúirt a bhfuil uirthi breith a thabhairt ar [fhorghníomhú barántais gabhála Eorpaigh] d'fhonn pianbhreith choimeádta nó ordú coinneála a fhorghníomhú, agus scrúdú á dhéanamh an ndearnadh, sa Bhallstát eisiúna, an ceart chun cúirte arna bunú roimhe sin le dlí a shárú le linn na trialach ina ndearnadh an ciontú, i gcás, sa Bhallstát sin, nach raibh aon leigheas breithiúnach éifeachtach i gcoinne sárú féideartha ar an gceart sin?"

Cás C-563/21 PPU

23 Cuireadh faoi bhráid na cúirte a rinne an tarchur freisin iarraidh ar fhorghníomhú barántais gabhála Eorpaigh arna eisiúint an 7 Aibreán 2021 ag Sąd Okręgowy w Zielonej Górze (Cúirt Réigiúnach, Zielonej Górze). Lorgaítear sa bharántas gabhála Eorpach sin náisiúnach Polannach a ghabháil agus a thabhairt suas chun críoch ionchúisimh choiriúil.

24 Tá an duine lena mbaineann, nár thoiligh lena thabhairt suas do Phoblacht na Polainne, faoi choinneáil réamhthrialach san Ísiltír, ar feitheamh rialú ón gcúirt a rinne an tarchur maidir lena thabhairt suas.

25 Tugann an chúirt a rinne an tarchur dá haire nach bhfuil aon chúis aitheanta aici lena bhféadfaí cur i gcoinne an duine a thabhairt suas, ach amháin an chúis lena mbaineann na ceisteanna i gcomhair réamhrialú a chuirtear sa chás seo.

26 Tagraíonn an chúirt sin do na forais chéanna leo siúd, a luaitear i míreanna 12 go 17 den bhreithiúnas seo, a dtagraíonn sí dóibh san iarraidh ar réamhrialú is ábhar do Chás C-562/21 PPU, agus ar a mbonn sin a mheasann sí go bhfuil tionchar ag na heasnaimh shistéamacha nó ghinearálaithe ó thaobh neamhspleáchas na mbreithiúna sa Bhallstát eisiúna, go háirithe, ar cheart bunúsach an duine lena mbaineann chun cúirte arna bunú roimhe sin le dlí, arna ráthú leis an dara mír d'Airteagal 47 den Chairt.

27 Maidir le cás an duine a n-iarrtar a thabhairt suas i gCás C-563/21 PPU, measann an chúirt a rinne an tarchur go bhfuil fíorbhaol ann go n-iarrfaí ar bhreitheamh amháin nó níos mó a ceapadh ar thogra KRS ó tháinig dlí an 8 Nollaig 2017 i bhfeidhm, dá dtagraítear i mír 14 den bhreithiúnas seo, cás coiriúil an duine lena mbaineann a éisteacht, dá gceadófaí an duine sin a thabhairt suas do Phoblacht na Polainne chun críoch ionchúisimh choiriúil.

28 Tugann an chúirt a rinne an tarchur dá haire nach bhfuil aon fhéidearthacht ann do dhuine a n-iarrtar a thabhairt suas chun críoch ionchúisimh choiriúil na neamhrialtachtaí a bhí ann le linn ceapachán breithimh amháin nó níos mó a ghlaofar chun éisteacht lena chás coiriúil a agairt, ar bhonn aonair. Murab ionann agus duine a n-iarrtar a thabhairt suas d'fhonn pianbhreith choimeádta nó ordú coinneála a fhorghníomhú, arb é an cás dá dtagraítear i gCás C-562/21 PPU,

ní féidir le duine a n-iarrtar a thabhairt suas chun críoch ionchúisimh choiriúil a lua os comhair an údaráis bhreithiúnaigh fhorghníomhaithigh, mar gheall ar na modhanna randamacha ina ndéantar cásanna a shannadh i gcúirteanna na Polainne, comhdhéanamh fhoirmíocht na cúirte a ghlaofar chun a chás coiriúil a éisteacht tar éis é a thabhairt suas. Ina theannta sin, mar gheall ar theacht i bhfeidhm dhlí an 20 Nollaig 2019, an 14 Feabhra 2020, a luaitear i mír 19 den bhreithiúnas seo, ní fhéadfadh an duine sin, tar éis é a thabhairt suas do Phoblacht na Polainne, agóid éifeachtach a dhéanamh maidir le bailíocht ceapacháin breithimh ná i ndáil le dlíthiúlacht fheidhmiú a chúraimí breithiúnacha.

29 Ina theannta sin, maidir le cásdlí na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine, a luaitear i mír 20 den bhreithiúnas seo, fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur an gcaithfear na critéir arna gcur i bhfeidhm ag an gcúirt sin le measúnú a dhéanamh an bhfuil na neamhrialtachtaí a tugadh faoi deara sa phróiseas ceapacháin breithiúna ina sárú ar an gceart chun cúirte arna bunú le dlí, de réir bhrí Airteagal 6(1) ECHR, a chur i bhfeidhm freisin i gcomhthéacs barántas gabhála Eorpach chun críoch ionchúisimh choiriúil.

30 Ar deireadh, fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur an bhfuil feidhm ag na critéir a leagadh síos i mbreithiúnas an 25 Iúil 2018, *an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais (Easnaimh sa chóras breithiúnach)* (C-216/18 PPU, EU:C:2018:586), agus a deimhníodh le breithiúnas an 17 Nollaig 2020, *Openbaar Ministerie (Neamhspleáchas an údaráis bhreithiúnaigh eisiúna)* (C-354/20 PPU agus C-412/20 PPU, EU:C:2020:1033), i gcomhthéacs an mheasúnaithe ar cé acu atá nó nach bhfuil, i gcás é a thabhairt suas, an duine lena mbaineann i bhfíorbhaol go sárófar a cheart bunúsach chun cúirte arna bunú le dlí roimhe sin agus, má tá, conas ba cheart na critéir sin a chur i bhfeidhm.

31 Sna himthosca sin, chinn Rechtbank Amsterdam (Cúirt Dúiche, Amstardam) bac a chur ar na himeachtaí agus na ceisteanna seo a leanas a tharchur chuig an gCúirt i gcomhair réamhrialú:

"1) Ar cheart an critéar a leagadh síos i mbreithiúnas an 25 Iúil 2018, *an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais (Easnaimh sa chóras breithiúnach)* (C-216/18 PPU, EU:C:2018:586), agus a deimhníodh le breithiúnas an 17 Nollaig 2020, *Openbaar Ministerie (Neamhspleáchas an údaráis bhreithiúnaigh eisiúna)* (C-354/20 PPU agus C-412/20 PPU, EU:C:2020:1033), a chur i bhfeidhm má tá fíorbhaol ann go ndéanfar an duine lena mbaineann a thriail os comhair cúirt nár bunaíodh roimhe sin le dlí?

2) Ar cheart an critéar a bunaíodh i mbreithiúnas an 25 Iúil 2018, *an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais (Easnaimh sa chóras breithiúnach)* (C-216/18 PPU, EU:C:2018:586), agus a deimhníodh le breithiúnas an 17 Nollaig 2020, *Openbaar Ministerie (Neamhspleáchas an údaráis bhreithiúnaigh eisiúna)* (C-354/20 PPU agus C-412/20 PPU, EU:C:2020:1033), a chur i bhfeidhm i gcás nach féidir le duine a lorgaítear agus atá ag iarraidh agóid a dhéanamh i gcoinne a thabhairt suas an critéar sin a shásamh ar an bhforas nach féidir, ag an am sin, comhdhéanamh na gcúirteanna a thabharfaidh breithiúnas ina leith a dhéanamh amach, mar gheall ar na modhanna randamacha ina ndéantar cásanna a shannadh?

3) Gan leigheas éifeachtach a bheith ann chun agóid a dhéanamh i gcoinne bailíocht ceapacháin breithiúna sa Pholainn, in imthosca inar dealraitheach nach féidir leis an duine lena mbaineann a shuíomh, ag an am sin, go bhfuil na cúirteanna a thabharfaidh breithiúnas ina leith os a gcomhair comhdhéanta de bhreithiúna nach bhfuil ceaptha go bailí, an bhfuil sé sin ina shárú ar bhunéirim an chirt chun triail chóir a fháil faoina bhfuil oibleagáid ar an mBallstát forghníomhaitheach diúltú don duine sin a thabhairt suas?"

An nós imeachta os comhair na Cúirte

32 D'iarr an chúirt a rinne an tarchur na tarchuir chun réamhrialú a chur faoi réir an nós imeachta práinne dá bhforáiltear in Airteagal 107 de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte.

33 Mar thaca lena hiarraidh, tugann an chúirt a rinne an tarchur dá haire go mbaineann na ceisteanna dá dtagraítear le hábhar dá dtagraítear i dTeideal V de Chuid a Trí de Chonradh FAE, go bhfuil saoirse bainte de X agus Y i láthair na huaire agus go mbeidh tionchar díreach agus cinntitheach ag freagra na Cúirte ar fhad coinneála na ndaoine lena mbaineann.

34 De réir chásdlí na Cúirte, is gá a chur san áireamh go bhfuil a shaoirse á bhaint den duine atá faoi thrácht sa chás sna príomhimeachtaí agus go mbraitheann a choinneáil leanúnach ar thoradh na díospóide sna príomhimeachtaí [breithiúnas an 26 Deireadh Fómhair 2021, *Openbaar Ministerie (An ceart chun éisteacht a fháil ón údarás breithiúnach forghníomhaitheach)*, C-428/21 PPU agus C-429/21 PPU, EU:C:2021:876, mír 32 agus an cásdlí dá dtagraítear].

35 Sa chás seo, mar is léir ó na horduithe tarchuir, tá na daoine lena mbaineann faoi choinneáil réamhthrialach faoi láthair agus beidh éifeacht dhíreach agus chinntitheach ag freagra na Cúirte ar na ceisteanna a cuireadh ar fhad na coinneála sin.

36 Sna himthosca sin, ar an 29 Meán Fómhair 2021, chinn an Chéad Dlísheomra de chuid na Cúirte, ar mholadh an Bhreithimh is Rapóirtéir, tar éis an tAbhcóide Ginearálta a éisteacht, géilleadh do na hiarrataí ón gcúirt a rinne an tarchur na iarrataí ar réamhrialú a chur faoin nós imeachta práinne um réamhrialú.

37 Chinn an Chéad Dlísheomra de chuid na Cúirte freisin Cásanna C-562/21 PPU agus C-563/21 PPU a tharchur ar ais chuig an gCúirt lena sannadh ar an Mór-Dhlísheomra.

38 Le cinneadh Uachtarán Chéad Dlísheomra na Cúirte an 29 Meán Fómhair 2021, rinneadh cásanna C-562/21 PPU agus C-563/21 PPU a uamadh chun críocha na gcéimeanna i scríbhinn agus ó bhéal agus chun críocha an bhreithiúnais.

Na ceisteanna arna dtarchur i gcomhair réamhrialú

39 Leis an gceist aonair a cuireadh i gCás C-562/21 PPU agus na trí cheist i gCás C-563/21 PPU, ar cheart iad a scrúdú le chéile, fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur, go bunúsach, ar cheart Airteagal 1(2) agus (3) de Chinneadh Réime 2002/584 a léirmhíniú sa chiall, i gcás ina dtugtar ar an údarás breithiúnach forghníomhaitheach cinneadh a dhéanamh maidir le duine is ábhar do bharántas gabhála Eorpach a thabhairt suas, agus go bhfuil gnéithe os a chomhair a léiríonn go bhfuil easnaimh shistéamacha nó ghinearálaithe ann maidir le neamhspleáchas bhreithiúnacht an Bhallstáit eisiúna, go háirithe maidir leis an nós imeachta chun comhaltaí na breithiúnachta sin a cheapadh, an bhféadfaidh an t-údarás sin diúltú don tabhairt suas sin, ar an bhforas go bhfuil, má dhéantar an tabhairt suas sin, fíorbhaol go sárófar ceart bunúsach an duine sin chun triail chóir a fháil os comhair cúirt arna bunú roimhe sin le dlí, ceart a chumhdaítear leis an dara mír d'Airteagal 47 den Chairt, i gcás:

– i gcomhthéacs barántas gabhála Eorpach arna eisiúint chun pianbhreith choimeádta nó ordú coinneála a fhorghníomhú, nach bhfuil aon leigheas breithiúnach i gcoinne sárú ar an gceart bunúsach sin le linn na n-imeachtaí inar ciontaíodh an duine sin agus

– i gcomhthéacs barántas gabhála Eorpach arna eisiúint chun críoch ionchúisimh choiriúil, nach féidir leis an duine lena mbaineann, tráth an tabhairt suas sin, comhdhéanamh fhoirmíocht na cúirte a thabharfaidh breithiúnas ina leith a dhéanamh amach, mar gheall ar na modhanna randamacha ina ndéantar cásanna a shannadh sna cúirteanna lena mbaineann, agus nach bhfuil aon leigheas éifeachtach sa Bhallstát eisiúna chun agóid a dhéanamh i gcoinne bhailíocht cheapachán na mbreithiúna.

Barúlacha tosaigh

40 Tá sé tábhachtach a choinneáil i gcuimhne, ar an gcéad dul síos, go bhfuil tábhacht bhunúsach, i ndlí an Aontais, ag prionsabal na muiníne frithpháirtí idir na Ballstáit agus ag prionsabal an aitheantais fhrithpháirtigh araon, atá bunaithe ar mhuinín fhrithpháirteach idir na Ballstáit, ós rud é go bhfágann siad gur féidir limistéar gan teorainneacha inmheánacha a chruthú agus a chaomhnú. Go sonrach, ceanglaítear le prionsabal na muiníne frithpháirtí, go háirithe maidir leis an limistéar saoirse, slándála agus ceartais, ar gach ceann de na Stáit sin, ach amháin in imthosca eisceachtúla, a mheas go n-urramaíonn na Ballstáit eile go léir dlí an Aontais agus, go háirithe, na cearta bunúsacha a aithnítear leis an dlí sin [breithiúnas an 26 Deireadh Fómhair 2021, *Openbaar Ministerie (An ceart chun éisteacht a fháil ón údarás breithiúnach forghníomhaitheach)*, C-428/21 PPU agus C-429/21 PPU, EU:C:2021:876, mír 37 agus an cásdlí dá dtagraítear].

41 Mar sin, nuair a chuireann na Ballstáit dlí an Aontais chun feidhme, is féidir a cheangal orthu, de bhua an dlí sin, toimhde a dhéanamh go n-urramaíonn na Ballstáit eile na cearta bunúsacha sin, sa chaoi nach bhféadfaidh siad a éileamh, ní hamháin leibhéal níos airde cosanta náisiúnta do chearta bunúsacha ó Bhallstát eile ná an leibhéal a ráthaítear le dlí an Aontais, ach freisin, ach amháin i gcásanna eisceachtúla, a sheiceáil cé acu atá nó nach bhfuil, i gcás nithiúil, na cearta bunúsacha a ráthaíonn an tAontas Eorpach á n-urramú ag an mBallstát eile sin [Tuairim 2/13 *(Aontachas an Aontais le ECHR)*, an 18 Nollaig 2014, EU:C:2014:2454, mír 192].

42 Sa chomhthéacs sin, is é is aidhm do Chinneadh Réime 2002/584 ná, trí chóras simplithe agus éifeachtach a bhunú chun daoine ciontaithe nó daoine atá faoi amhras maidir le sárú a bheith déanta acu ar an dlí coiriúil a thabhairt suas, comhar breithiúnach a éascú agus dlús a chur leis d'fhonn cabhrú leis an gcuspóir arna leagan síos a bhaint amach go mbeidh an tAontas Eorpach ina limistéar saoirse, slándála agus ceartais, bunaithe ar an ardleibhéal muiníne nach mór a bheith ann idir na Ballstáit [breithiúnas an 26 Meán Fómhair 2021, *Openbaar Ministerie (An ceart chun éisteacht a fháil ón údarás breithiúnach forghníomhaitheach)*, C-428/21 PPU agus C-429/21 PPU, EU:C:2021:876, mír 38 agus an cásdlí dá dtagraítear].

43 Déantar prionsabal an aitheantais fhrithpháirtigh, arb é, de réir aithris 6 de Chinneadh Réime 2002/584, "bunchloch" an chomhair bhreithiúnaigh in ábhair choiriúla, a léiriú in Airteagal 1(2) den Chinneadh Réime sin, lena gcumhdaítear an riail go gceanglaítear ar na Ballstáit aon bharántas gabhála Eorpach a fhorghníomhú ar bhonn an phrionsabail sin agus i gcomhréir le forálacha an Chinnidh Réime sin [breithiúnas an 26 Deireadh Fómhair 2021, *Openbaar Ministerie (An ceart chun éisteacht a fháil ón údarás breithiúnach forghníomhaitheach)*, C-428/21 PPU agus C-429/21 PPU, EU:C:2021:876, mír 40 agus an cásdlí dá dtagraítear].

44 Is léir ón méid sin nach bhféadfaidh na húdaráis bhreithiúnacha fhorghníomhaitheacha, i bprionsabal, diúltú do bharántas gabhála Eorpach a fhorghníomhú ach amháin ar na forais maidir le neamh fhorghníomhú dá bhforáiltear go cuimsitheach leis an gCinneadh Réime sin agus nach féidir forghníomhú an bharántais a chur faoi réir aon ní ach amháin na coinníollacha dá bhforáiltear in Airteagal 5 den Chinneadh Réime sin. Dá bhrí sin, is é forghníomhú an

bharántais ghabhála Eorpaigh an riail, agus tá diúltú d'fhorghníomhú ceaptha mar eisceacht nach mór a léirmhíniú go docht [breithiúnais an 25 Iúil 2018, *an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais (Easnaimh sa chóras breithiúnach)* C-216/18 PPU, EU:C:2018:586, mír 41 agus an cásdlí dá dtagraítear agus breithiúnas an 17 Nollaig 2020, *Openbaar Ministerie (Neamhspleáchas an údaráis bhreithiúnaigh eisiúna)*, C-354/20 PPU agus C-412/20 PPU, EU:C:2020:1033, mír 37].

45 É sin ráite, tá an t-ardleibhéal muiníne idir na Ballstáit ar a bhfuil an sásra um barántas gabhála Eorpach bunaithe ag brath ar an tuiscint go sásaíonn na cúirteanna coiriúla sa Bhallstát eisiúna a chaithfidh, i ndiaidh forghníomhú barántais gabhála Eorpaigh, imeachtaí coiriúla ionchúisimh nó imeachtaí forghníomhaithe pianbhreithe coimeádta nó ordaithe coinneála a reáchtáil, chomh maith leis na himeachtaí coiriúla, na ceanglais a bhaineann leis an gceart bunúsach chun triail chóir a fháil, arna ráthú leis an dara mír d'Airteagal 47 den Chairt [féach, chuige sin, breithiúnas an 25 Iúil 2018, *an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais (Easnaimh sa chóras breithiúnach)*, C-216/18 PPU, EU:C:2018:586, mír 58]. Tá an ceart bunúsach sin fíorthábhachtach mar ráthaíocht go gcosnófar na cearta go léir atá ag daoine faoi dhlí an Aontais agus go gcaomhnófar na luachanna is coiteann do na Ballstáit mar a leagtar amach in Airteagal 2 CAE, go háirithe luach an smachta reachta [féach, chuige sin, breithiúnas an 17 Nollaig 2020, *Openbaar Ministerie (Neamhspleáchas an údaráis bhreithiúnaigh eisiúna)*, C-354/20 PPU agus C-412/20 PPU, EU:C:2020:1033, mír 39 agus an cásdlí dá dtagraítear].

46 Sna himthosca sin, cé gur faoi gach Ballstát, go príomha, atá sé, chun a chinntiú go gcuirfear i bhfeidhm go hiomlán na prionsabail a bhaineann le muinín agus aitheantas frithpháirteach atá mar bhonn taca d'fheidhmiú an tsásra sin, a áirithiú, faoi athbhreithniú deiridh na Cúirte, go gcaomhnaítear na ceanglais a bhaineann leis an gceart bunúsach sin, trí staonadh ó aon bheart ar dóigh dó iad a shárú [féach, chuige sin, breithiúnas an 17 Nollaig 2020, *Openbaar Ministerie (Neamhspleáchas an údaráis bhreithiúnaigh eisiúna)*, C-354/20 PPU agus C-412/20 PPU, EU:C:2020:1033, mír 40], má tá fíorbhaol ann maidir leis an duine is ábhar do bharántas gabhála Eorpach, i gcás é a thabhairt suas don údarás breithiúnach eisiúna, go ndéanfar sárú ar an gceart bunúsach céanna, is féidir gur ceadmhach don údarás breithiúnach forghníomhaitheach staonadh, go heisceachtúil, ó ghníomhú ar an mbarántas gabhála Eorpach sin, ar bhonn Airteagal 1(3) den Chinneadh Réime sin [féach, chuige sin, breithiúnas an 25 Iúil 2018, *an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais (Easnaimh sa chóras breithiúnach)*, C-216/18 PPU, EU:C:2018:586, mír 59].

47 Ina dhiaidh sin, tá sé curtha in iúl freisin ag an gCúirt nach féidir Cinneadh Réime 2002/584, arna léamh i bhfianaise fhorálacha na Cairte, a léirmhíniú ar shlí ina gcaithfí amhras ar éifeachtacht an chórais um chomhar breithiúnach idir na Ballstáit, a bhfuil an barántas gabhála Eorpach, mar a fhoráiltear ag reachtóir an Aontais, ar cheann de na gnéithe sár-riachtanacha de [breithiúnas an 26 Deireadh Fómhair 2021, *Openbaar Ministerie (An ceart chun éisteacht a fháil ón údarás breithiúnach forghníomhaitheach)*, C-428/21 PPU agus C-429/21 PPU, EU:C:2021:876, mír 43 agus an cásdlí dá dtagraítear].

48 Chinn an Chúirt mar sin, chun a áirithiú, go háirithe, nach mbainfear an bonn d'fheidhmiú an bharántais gabhála Eorpaigh, nach mór an oibleagáid maidir le comhar dílis, a chumhdaítear le hAirteagal 4(3)(1) CAE, a bheith chun tosaigh san idirphlé idir na húdaráis bhreithiúnacha fhorghníomhaitheacha agus eisiúna. Fágann prionsabal an chomhair dhílis, go háirithe, go bhfuil meas ag na Ballstáit ar a chéile agus go gcuidíonn siad lena chéile i gcomhlíonadh na gcúraimí a

eascraíonn as na Conarthaí [breithiúnas an 26 Deireadh Fómhair 2021, *Openbaar Ministerie (An ceart chun éisteacht a fháil ón údarás breithiúnach forghníomhaitheach)*, C-428/21 PPU agus C-429/21 PPU, EU:C:2021:876, mír 44 agus an cásdlí dá dtagraítear].

49 Ar deireadh, agus i gcomhréir leis na breithnithe thuasluaite, ní mór do na húdaráis bhreithiúnacha eisiúna agus fhorghníomhaitheacha, chun comhar éifeachtach in ábhair choiriúla a áirithiú, úsáid iomlán a bhaint as na hionstraimí dá bhforáiltear go háirithe in Airteagal 8(1), agus in Airteagal 15 de Chinneadh Réime 2002/584 chun an mhuinín fhrithpháirteach atá mar bhonn don chomhar sin a chur chun cinn [breithiúnas an 6 Nollaig 2018, *IK (Pianbhreith fhorlíontach a fhorghníomhú)*, C-551/18 PPU, EU:C:2018:991, mír 63 agus an cásdlí dá dtagraítear].

Na coinníollacha faoina bhféadfaidh an t-údarás breithiúnach forghníomhaitheach diúltú, ar bhonn Airteagal 1(3) de Chinneadh Réime 2002/584, do dhuine is ábhar do bharántas gabhála Eorpach a thabhairt suas ar an bhforas go bhfuil fíorbhaol ann, i gcás é a thabhairt suas don údarás breithiúnach eisiúna, go ndéanfar sárú ar a cheart bunúsach chun triail chóir a fháil os comhair cúirt arna bunú le dlí roimhe sin

50 I bhfianaise, go háirithe, na mbreithnithe a leagtar amach i míreanna 40 go 46 den bhreithiúnas seo, chinn an Chúirt, maidir le hAirteagal 1(3) de Chinneadh Réime 2002/584, i gcás ina bhfuil fianaise ag an údarás breithiúnach forghníomhaitheach a bhfuil air cinneadh a dhéanamh maidir le duine is ábhar do bharántas gabhála Eorpach a thabhairt suas go bhfuil easnaimh shistéamacha nó ghinearálaithe ann maidir le neamhspleáchas bhreithiúnacht an Bhallstáit eisiúna, nach féidir leis toimhde a dhéanamh, mar sin féin, go bhfuil forais shubstaintiúla agus chruthaithe ann lena chreidiúint go bhfuil an duine sin i bhfíorbhaol go sárófar a cheart bunúsach chun triail chóir a fháil i gcás ina dtabharfar suas é don Bhallstát sin, gan fíorú nithiúil agus beacht a dhéanamh ina gcuirtear san áireamh, go háirithe, cúinsí pearsanta an duine sin, cineál an chiona atá i gceist agus an comhthéacs fíorasach inar eisíodh an barántas, amhail ráitis nó gníomhartha údarás poiblí ar dóigh dóibh cur isteach ar láimhseáil cáis aonair [féach, chuige sin, breithiúnas an 17 Nollaig 2020, *Openbaar Ministerie (Neamhspleáchas an údaráis bhreithiúnaigh eisiúna)*, C-354/20 PPU agus C-412/20 PPU, EU:C:2020:1033, mír 69].

51 Dá bhrí sin, ní leor inti féin faisnéis maidir le heasnaimh shistéamacha nó ghinearálaithe a bheith ann nó faoi ghéarú na n-easnamh sin maidir le neamhspleáchas na breithiúnachta i mBallstát, chun údar a thabhairt le diúltú do bharántas den sórt sin arna eisiúint ag údarás breithiúnach de chuid an Bhallstáit sin a fhorghníomhú [féach, chuige sin, breithiúnas an 17 Nollaig 2020, *Openbaar Ministerie (Neamhspleáchas an údaráis bhreithiúnaigh eisiúna)*, C-354/20 PPU agus C-412/20 PPU, EU:C:2020:1033, mír 63].

52 I gcomhthéacs an scrúdaithe dhá chéim, atá luaite i mír 50 den bhreithiúnas seo agus atá leagtha amach den chéad uair, maidir leis an dara mír d'Airteagal 47 den Chairt, i mbreithiúnas an 25 Iúil 2018, *an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais (Easnaimh sa chóras breithiúnach)* (C-216/18 PPU, EU:C:2018:586, míreanna 47 go 75), ní mór don údarás breithiúnach forghníomhaitheach a chinneadh ar dtús an bhfuil faisnéis oibiachtúil, iontaofa, bheacht agus nuashonraithe go cuí ann lena dtugtar le tuiscint go bhfuil fíorbhaol, sa Bhallstát eisiúna, go ndéanfar sárú ar an gceart bunúsach chun triail cóir a fháil arna ráthú leis an bhforáil sin, toisc easnaimh shistéamacha nó ghinearálaithe maidir le neamhspleáchas na breithiúnachta sa Bhallstát sin [breithiúnas an 17 Nollaig 2020, *Openbaar Ministerie (Neamhspleáchas an údaráis bhreithiúnaigh eisiúna)*, C-354/20 PPU agus C-412/20 PPU, EU:C:2020:1033, mír 54 agus an cásdlí dá dtagraítear].

53 Ina dhiaidh sin, ní mór don údarás breithiúnach forghníomhaitheach a fhíorú, ar mhodh nithiúil agus beacht, a mhéid is dócha go mbeidh tionchar ag na heasnaimh a tugadh faoi deara le linn na chéad chéime ar leibhéal na gcúirteanna sa Bhallstát sin atá inniúil chun na himeachtaí a mbeidh an duine lena mbaineann faoina réir a éisteacht agus an bhfuil, ag féachaint do chás pearsanta an duine sin, do chineál an chiona a bhfuil an duine sin á ionchúiseamh ina leith agus don chomhthéacs fíorasach inar eisíodh an barántas gabhála sin, agus aon fhaisnéis arna soláthar ag an mBallstát céanna de bhun Airteagal 15(2) de Chinneadh Réime 2002/584 á cur san áireamh, forais shubstaintiúla agus chruthaithe ann chun a chreidiúint go mbeidh an duine sin i mbaol a leithéide má dhéantar é a thabhairt suas don Bhallstát sin [féach, chuige sin, breithiúnas an 17 Nollaig 2020, *Openbaar Ministerie (Neamhspleáchas an údaráis bhreithiúnaigh eisiúna)*, C-354/20 PPU agus C-412/20 PPU, EU:C:2020:1033, mír 55 agus an cásdlí dá dtagraítear].

54 Sa chás idir lámha, fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur, go bunúsach, an bhfuil feidhm ag an scrúdú dhá chéim sin, a chumhdaigh an Chúirt i mbreithiúnais an 25 Iúil 2018, *an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais (Easnaimh sa chóras breithiúnach)* (C-216/18 PPU, EU:C:2018:586), agus an 17 Nollaig 2020, *Openbaar Ministerie (Neamhspleáchas an údaráis bhreithiúnaigh eisiúna)* (C-354/20 PPU agus C-412/20 PPU, EU:C:2020:1033), i bhfianaise na ráthaíochtaí neamhspleáchais agus neamhchlaontachta a bhaineann leis an gceart bunúsach chun triail chóir a fháil a chumhdaítear leis an dara mír d'Airteagal 47 den Chairt, i gcás inarb í an ráthaíocht a bhaineann le cúirt arna bunú le dlí roimhe sin, ar gné thábhachtach í den cheart bunúsach sin, an ráthaíocht atá i gceist agus, má tá feidhm aige, cad iad na coinníollacha agus na rialacha mionsonraithe chun an scrúdú sin a chur i bhfeidhm ina leith sin. Go sonrach, fiafraíonn sí cén tionchar, sa scrúdú céanna sin, a bhíonn ag an bhfíoras go bhfuil comhlacht ar nós KRS, atá comhdhéanta, go príomha, de chomhaltaí a dhéanann ionadaíocht thar ceann an reachtais nó an fheidhmeannais nó atá roghnaithe acu siúd, rannpháirteach i gceapadh nó i bhforbairt gairme chomhaltaí na breithiúnachta sa Bhallstát eisiúna.

55 Maidir le hinfheidhmeacht an scrúdaithe dhá chéim dá dtagraítear i míreanna 52 agus 53 den bhreithiúnas seo, sa chás dá dtagraítear sa mhír roimhe seo, is iomchuí, ar an gcéad dul síos, béim a leagan ar na naisc dhoscartha, de réir fhoclaíocht an dara mír d'Airteagal 47 den Chairt féin, atá ann, chun críocha an chirt bhunúsaigh chun triail chóir a fháil, de réir bhrí na forála sin, idir na ráthaíochtaí neamhspleáchais agus neamhchlaontachta breithiúna agus rochtain ar chúirt arna bunú roimhe sin le dlí.

56 Is léir mar sin ó chásdlí na Cúirte, arna fhorbairt i bhfianaise chásdlí na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine, cé gur ceart neamhspleách é an ceart chun cúirte den sórt sin, a ráthaítear le hAirteagal 6(1) ECHR agus leis an dara mír d'Airteagal 47 den Chairt araon, go bhfuil dlúthbhaint aige mar sin féin leis na ráthaíochtaí neamhspleáchais agus neamhchlaontachta a eascraíonn as an dá fhoráil sin. Go háirithe, cé go saothraítear sprioc shonrach le gach ceann de na ceanglais a bhaineann leis na forálacha sin a fhágann gur ráthaíochtaí sonracha iad maidir le triail chóir, tá na ráthaíochtaí sin dírithe ar bhunphrionsabail an smachta reachta agus scaradh na gcumhachtaí a urramú. Mar bhonn de gach ceann de na ceanglais sin, tá an riachtanas an mhuinín nach mór don bhreithiúnacht a spreagadh sa dlíthí agus neamhspleáchas na breithiúnachta sin i dtaca leis na cumhachtaí eile a chaomhnú [féach, chuige sin, breithiúnas an 6 Deireadh Fómhair 2021, *W.Ż. (Dlísheomra um rialú urghnách agus gnóthaí poiblí na Cúirte Uachtaraí – Ceapachán)*, C-487/19, EU:C:2021:798, mír 124 agus an cásdlí dá dtagraítear].

57 Maidir leis an bpróiseas chun breithiúna a cheapadh, go sonrach, chinn an Chúirt, agus í ag tagairt i gcónaí do chásdlí na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine, ag féachaint do na hiarmhairtí tábhachtacha a bhaineann leis an bpróiseas seo maidir le feidhmiú cuí agus dlisteanacht na

breithiúnachta i Stát daonlathach arna rialú ag an smacht reachta, gur gá gur dlúthchuid den choincheap "cúirt arna bunú le dlí" de réir bhrí Airteagal 6(1) ECHR é próiseas den sórt sin, ag tabhairt dá haire gur féidir neamhspleáchas cúirte, de réir bhrí na forála seo, a thomhas, *inter alia*, tríd an mbealach ina gceaptar a comhaltaí [féach, chuige sin, breithiúnas an 6 Deireadh Fómhair 2021, *W.Ż. (Dlísheomra um rialú urghnách agus gnóthaí poiblí na Cúirte Uachtaraí – Ceapachán)*, C-487/19, EU:C:2021:798, mír 125 agus an cásdlí dá dtagraítear].

58 Chuir an Chúirt i bhfios freisin gurb ionann na ráthaíochtaí maidir le rochtain ar chúirt neamhspleách, neamhchlaonta arna bunú roimhe sin le dlí, agus go háirithe na ráthaíochtaí sin lena gcinntear an coincheap mar aon le comhdhéanamh na cúirte sin, agus bunchloch an chirt chun triail chóir a fháil. Tá an fíorú maidir le cé acu an ionann comhlacht, trína chomhdhéanamh, agus cúirt den sórt sin, nuair a thagann amhras tromchúiseach chun cinn maidir leis an bpointe sin, riachtanach i dtaca leis an muinín a chaithfidh cúirteanna i sochaí dhaonlathach a spreagadh sa dlíthí [breithiúnas an 6 Deireadh Fómhair 2021, *W.Ż. (Dlísheomra um rialú urghnách agus gnóthaí poiblí na Cúirte Uachtaraí – Ceapachán)*, C-487/19, EU:C:2021:798, mír 126 agus an cásdlí dá dtagraítear].

59 Ar an dara dul síos, tá sé tábhachtach a chur i bhfios dá nglacfaí leis go bhféadfadh údarás breithiúnach forghníomhaitheach staonadh ó ghníomhú ar bharántas gabhála Eorpach ar fhoras imthoisce amhail an ceann a luaitear sa dara habairt de mhír 54 den bhreithiúnas seo, go ndéanfaí léirmhíniú ar Airteagal 1(3) de Chinneadh Réime 2002/584 a bheadh ar neamhréir le cásdlí na Cúirte dá dtagraítear i míreanna 44 agus 46 den bhreithiúnas sin.

60 Thairis sin, i gcomhthéacs léiriú na forála sin, is gá a áirithiú ní hamháin go n-urramaítear cearta bunúsacha na ndaoine a n-iarrtar a dtabhairt suas, ach freisin go ndéanfar leasanna eile a bhreithniú, amhail an bhfuil gá, i gcás inarb ábhartha, le cearta bunúsacha íospartaigh na gcionta lena mbaineann a urramú.

61 I ndáil leis sin, mar gheall ar chearta tríú páirtí in imeachtaí coiriúla, i gcomhthéacs an tsásra um barántas gabhála Eorpach, tá oibleagáid chomhair ar an mBallstát forghníomhaitheach. Thairis sin, i bhfianaise na gceart sin, ní mór don chinneadh go bhfuil fíorbhaol ann, i gcás an duine lena mbaineann a thabhairt suas don Bhallstát eisiúna, go sárófar ceart bunúsach an duine sin chun triail chóir a fháil a bheith bunaithe ar fhíorais leordhóthanacha (féach freisin, chuige sin, ECtHR, an 9 Iúil 2019, *Castaño* v. *an Bheilg*, CE:ECHR:2019:0709JUD000835117, §§ 82, 83 agus 85).

62 Ar an gcaoi chéanna, is é ceann de chuspóirí Chinneadh Réime 2002/584 saoirse ó phionós a chomhrac. Dá mba rud é gur leor, iontu féin, easnaimh shistéamacha nó ghinearálaithe a bheith ann maidir le neamhspleáchas bhreithiúnacht an Bhallstáit eisiúna chun a cheadú don údarás breithiúnach forghníomhaitheach gan dul ar aghaidh leis an scrúdú dhá chéim dá dtagraítear i míreanna 52 agus 53 den bhreithiúnas seo agus diúltú, ar bhonn Airteagal 1(3) den Chinneadh Réime sin, do bharántas gabhála Eorpach arna eisiúint ag Ballstát a fhorghníomhú, d'fhágfadh sé sin go mbeadh baol mór ann go mbeadh saoirse ó phionóis ag daoine a dhéanann iarracht teacht thart ar an gceartas tar éis a bheith ciontaithe nó a bheith in amhras go bhfuil cion déanta acu, in ainneoin nach mbeadh aon fhianaise nithiúil ann lena bhféadfaí a shuíomh go bhfuil fíorbhaol ann, i gcás iad a thabhairt suas, go ndéanfaí sárú ar a gceart bunúsach chun triail chóir a fháil [féach, chuige sin, breithiúnas an 17 Nollaig 2020, *Openbaar Ministerie (Neamhspleáchas an údaráis bhreithiúnaigh eisiúna)*, C-354/20 PPU agus C-412/20 PPU, EU:C:2020:1033, mír 64].

63 Ar an tríú dul síos, d'fhágfadh an cur chuige dá dtagraítear sa mhír roimhe seo go gcuirfí cur chun feidhme an tsásra um barántas gabhála Eorpach ar fionraí maidir leis an mBallstát sin, gan aird a thabhairt ar inniúlacht na Comhairle Eorpaí agus na Comhairle ina leith sin.

64 Mar a chuir an Chúirt in iúl, ní féidir an cur chun feidhme sin a chur ar fionraí ach amháin i gcás ina bhfuil ceann de na Ballstáit ag déanamh sárú tromchúiseach agus leanúnach ar na prionsabail a leagtar amach in Airteagal 2 CAE, lena n-áirítear prionsabal an smachta reachta, sárú arna chinneadh ag an gComhairle Eorpach de bhun Airteagal 7(2) CAE, leis na hiarmhairtí dá bhforáiltear in Airteagal 7(3) CAE [breithiúnas an 17 Nollaig 2020, *(Openbaar Ministerie (Neamhspleáchas an údaráis bhreithiúnaigh eisiúna)*, C-354/20 PPU agus C-412/20 PPU, EU:C:2020:1033, mír 57].

65 Dá réir sin, is i gcás ina bhfuil cinneadh glactha ag an gComhairle Eorpach, tar éis don Chomhairle cur i bhfeidhm Chinneadh Réime 2002/584 a chur ar fionraí i leith an Bhallstáit lena mbaineann, agus sa chás sin amháin, a cheanglófar ar an údarás breithiúnach forghníomhaitheach diúltú go huathoibríoch d'aon bharántas gabhála Eorpach arna eisiúint ag an mBallstát sin a fhorghníomhú, gan gá le haon mheasúnú nithiúil a dhéanamh an bhfuil an duine lena mbaineann i bhfíorbhaol go sárófar bunéirim a chirt bhunúsaigh chun triail chóir a fháil [breithiúnas an 17 Nollaig 2020, *Openbaar Ministerie (Neamhspleáchas an údaráis bhreithiúnaigh eisiúna)*, C-354/20 PPU agus C-412/20 PPU, EU:C:2020:1033, mír 58 agus an cásdlí dá dtagraítear].

66 Is léir ó na pointí atá leagtha amach i míreanna 55 go 65 den bhreithiúnas seo go bhfuil sé de cheangal ar an údarás breithiúnach forghníomhaitheach an scrúdú dhá chéim dá dtagraítear i míreanna 52 agus 53 den bhreithiúnas seo a dhéanamh, lena mheasúnú an bhfuil, i gcás an duine lena mbaineann a thabhairt suas don Bhallstát eisiúna, fíorbhaol go sárófar a cheart bunúsach chun triail chóir a fháil os comhair cúirt arna bunú roimhe sin le dlí, a chumhdaítear leis an dara mír d'Airteagal 47 den Chairt.

An chéad chéim den scrúdú

67 Mar chuid den chéad chéim den scrúdú sin, ní mór don údarás breithiúnach forghníomhaitheach a mheas, ar bhonn ginearálta, an bhfuil fíorbhaol ann go sárófar an ceart bunúsach chun triail chóir a fháil, go háirithe mar a bhaineann le heaspa neamhspleáchais chúirteanna an Bhallstáit eisiúna nó sárú ar an gceanglas maidir le cúirt arna bunú le dlí, mar gheall ar easnaimh shistéamacha nó ghinearálaithe sa Bhallstát sin [féach, chuige sin, breithiúnas an 25 Iúil 2018, *an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais (Easnaimh sa chóras breithiúnach)*, C-216/18 PPU, EU:C:2018:586, mír 61 agus an cásdlí dá dtagraítear].

68 Ní mór measúnú den sórt sin a dhéanamh i bhfianaise chaighdeán cosanta an chirt bhunúsaigh a ráthaítear leis an dara mír d'Airteagal 47 den Chairt [féach, chuige sin, breithiúnas an 25 Iúil 2018, *an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais (Easnaimh sa chóras breithiúnach)*, C-216/18 PPU, EU:C:2018:586, mír 62 agus an cásdlí dá dtagraítear].

69 Chuige sin, maidir leis na ceanglais neamhspleáchais agus neamhchlaontachta, ar thaobh amháin, atá, mar atá sonraithe i míreanna 55 go 58 den bhreithiúnas seo, nasctha go dlúth leis na ceanglais a bhaineann le cúirt arna bunú roimhe sin le dlí, glactar leis go bhfuil rialacha ann, go háirithe maidir le comhdhéanamh an chomhlachta, ceapadh, fad seirbhíse chomh maith leis na cúiseanna atá ann dá chomhaltaí le staonadh ó chás, iad a scaoileadh ó chás agus a chur as oifig, a fhágann gur féidir aon amhras dlisteanach a bhaint, in aigne na ndlíthithe, maidir leis an gcomhlacht sin

gan a bheith faoi anáil fachtóirí seachtracha agus lena neodracht i ndáil leis na leasanna atá le breithniú (féach, chuige sin, breithiúnas an 16 Samhain 2021, *Prokuratura Rejonowa w Mińsku Mazowieckim e.a.*, C-748/19 go C-754/19, EU:C:2021:931, mír 67 agus an cásdlí dá dtagraítear).

70 Maidir le cinntí ceapacháin, tá sé riachtanach go háirithe go mbeadh na coinníollacha substainteacha agus na rialacha nós imeachta atá i réim nuair a ghlactar na cinntí sin de chineál nach féidir a bheith ina chúis le haon amhras dlisteanach maidir leis na breithiúna a cheaptar (breithiúnas an 26 Márta 2020, *Réexamen Simpson v an Chomhairle* agus *HG v an Coimisiún*, C-542/18 RX II agus C-543/18 RX II, EU:C:2020:232, mír 71 agus an cásdlí dá dtagraítear).

71 71 Ar an taobh eile, maidir leis an gceanglas i dtaca le cúirt arna bunú roimhe sin le dlí, thug an Chúirt dá haire, ag tagairt do chásdlí na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine maidir le hAirteagal 6 ECHR (ECtHR, an 8 Iúil 2014, *Biagioli* v. *San Marino*, CE:ECHR:2014:0708DEC000816213, §§ 72 go 74, agus ECtHR, an 2 Bealtaine 2019, *Pasquini* v. *San Marino*, CE:ECHR:2019:0502JUD005095616, §§ 100 agus 101 agus an cásdlí dá dtagraítear), go léiríonn an frása "arna bunú le dlí" prionsabal an smachta reachta go háirithe. Baineann sé ní hamháin leis an mbunús dlí don chúirt a bheith ann, ach freisin le comhdhéanamh na cúirte i ngach cás, chomh maith le haon fhoráil eile den dlí náisiúnta, faoina bhfuil rannpháirtíocht breithimh amháin nó níos mó i scrúdú an cháis neamhrialta, i gcás ina sáraítear an riail sin, lena n-áirítear, go háirithe, forálacha maidir le neamhspleáchas agus neamhchlaontacht chomhaltaí na cúirte lena mbaineann. Ina theannta sin, cuimsíonn an ceart chun triail a bheith ag duine os comhair cúirt "arna bunú le dlí", de bharr a chineáil, an próiseas chun breithiúna a cheapadh (féach, chuige sin, breithiúnas an 26 Márta 2020, *Réexamen Simpson v an Chomhairle* agus *HG v an Coimisiún*, C-542/18 RX II agus C-543/18 RX II, EU:C:2020:232, mír 73).

72 Maidir leis na critéir mheasúnaithe ar cé acu atá nó nach bhfuil sárú déanta ar an gceart bunúsach chun cúirte arna bunú le dlí roimhe sin, de réir bhrí an dara mír d'Airteagal 47 den Chairt, tá sé tábhachtach a chur i bhfios nach ionann aon neamhrialtacht sa nós imeachta chun breithiúna a cheapadh agus sárú ar an gceart sin.

73 Tá sárú den sórt sin i gceist le neamhrialtacht a dhéantar i gceapadh na mbreithiúna sa chóras breithiúnach lena mbaineann, go háirithe nuair a bhíonn an neamhrialtacht sin de chineál agus de thromchúis a chruthaíonn fíorbhaol go bhféadfadh brainsí eile na cumhachta, go háirithe an feidhmeannas, sláine an toraidh atá ar an bpróiseas ceapacháin a chur i mbaol agus, dá bhrí sin, amhras dlisteanach a chothú in aigne na ndlíthithe, maidir le neamhspleáchas agus neamhchlaontacht an bhreithimh nó na mbreithiúna lena mbaineann [féach, chuige sin, breithiúnas an 6 Deireadh Fómhair 2021, *W.Ż. (Dlísheomra um rialú urghnách agus gnóthaí poiblí na Cúirte Uachtaraí – Ceapachán)*, C-487/19, EU:C:2021:798, mír 130 agus an cásdlí dá dtagraítear].

74 Tá cinneadh maidir le sárú ar an gceanglas maidir le cúirt arna bunú roimhe sin le dlí agus iarmhairtí sáraithe den sórt sin faoi réir measúnú foriomlán ar roinnt gnéithe, a chuireann, i dteannta a chéile, in aigne na ndlíthithe, le hamhras dlisteanach maidir le neamhspleáchas agus neamhchlaontacht na mbreithiúna a chothú [féach, chuige sin, breithiúnais an 2 Márta 2021, *A.B. e.a. (Breithiúna den Chúirt Uachtarach a cheapadh – Achomharc)*, C-824/18, EU:C:2021:153, míreanna 131 agus 132, agus an 6 Deireadh Fómhair 2021, *W.Ż. (Dlísheomra um rialú urghnách agus gnóthaí poiblí na Cúirte Uachtaraí – Ceapachán)*, C-487/19, EU:C:2021:798, míreanna 152 go 154].

75 Mar sin, ní leor inti féin an imthoisc go bhfuil comhlacht, amhail Comhairle Náisiúnta na mBreithiúna, a bhfuil baint aige leis an bpróiseas chun breithiúna a cheapadh, comhdhéanta go príomha de chomhaltaí arna roghnú ag an reachtas, chun amhras a chaitheamh ar neamhspleáchas na mbreithiúna arna gceapadh ag deireadh an phróisis sin (féach, chuige sin, breithiúnas an 9 Iúil 2020, *Land Hessen*, C-272/19, EU:C:2020:535, míreanna 55 agus 56). D'fhéadfadh sé nárbh amhlaidh a bheadh, áfach, i gcás ina bhfuil amhras den sórt sin ann mar gheall ar an imthoisc sin in éineacht le heilimintí ábhartha eile agus na dálaí faoina ndearnadh na roghanna sin [féach, chuige sin, breithiúnas an 15 Iúil 2021, *an Coimisiún v an Pholainn (Córas araíonachta do bhreithiúna)* (C-791/19, EU:C:2021:596), mír 103].

76 Dá bhrí sin, ní leor ann féin go bhfuil comhlacht atá comhdhéanta go príomha de chomhaltaí a dhéanann ionadaíocht thar ceann an reachtais nó an fheidhmeannais nó atá roghnaithe acu siúd páirteach sa phróiseas chun breithiúna an Bhallstáit eisiúna a cheapadh, chun údar a thabhairt don údarás breithiúnach forghníomhaitheach diúltú don duine lena mbaineann a thabhairt suas.

77 Is léir ón méid sin, i gcomhthéacs nós imeachta um thabhairt suas a bhaineann le forghníomhú barántais gabhála Eorpaigh, go gciallaíonn an measúnú ar fhíorbhaol a bheith ann go sárófar an ceart bunúsach chun triail chóir a fháil, go háirithe mar a bhaineann le heaspa neamhspleáchais chúirteanna an Bhallstáit eisiúna nó de bharr sárú ar an gceanglas maidir le cúirt arna bunú roimhe sin le dlí, de bharr easnaimh shistéamacha nó ghinearálaithe sa Bhallstát sin, go bhfuil measúnú foriomlán le déanamh, bunaithe ar aon fhaisnéis oibiachtúil, iontaofa, bheacht agus nuashonraithe go cuí maidir le feidhmiú an chórais bhreithiúnaigh sa Bhallstát sin, lena n-áirítear an creat ginearálta chun breithiúna sa Bhallstát céanna a cheapadh.

78 Sa chás seo, sa bhreis ar an bhfaisnéis atá i dtogra réasúnaithe a sheol an Coimisiún Eorpach chuig an gComhairle ar bhonn Airteagal 7(1) CAE [breithiúnas an 25 Iúil 2018, *an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais (Easnaimh sa chóras breithiúnach)*, C-216/18 PPU, EU:C:2018:586, mír 61], is nithe iad atá an ábhartha, *inter alia*, chun críocha an mheasúnaithe sin, na nithe atá luaite ag an gcúirt a rinne an tarchur, eadhon, rún an Sąd Najwyższy (an Chúirt Uachtarach) an 23 Eanáir 2020, agus cásdlí na Cúirte, amhail é sin a eascraíonn ó bhreithiúnais an 19 Samhain 2019, *A.K. e.a. (Neamhspleáchas Dhlísheomra Araíonachta na Cúirte Uachtaraí)* (C-585/18, C-624/18 agus C-625/18, EU:C:2019:982), an 2 Márta 2021, *A.B. e.a. (Breithiúna den Chúirt Uachtarach a cheapadh – Achomharc)* (C-824/18, EU:C:2021:153), an 15 Iúil 2021, *an Coimisiún v an Pholainn (Córas araíonachta do bhreithiúna)* (C-791/19, EU:C:2021:596), agus an 6 Deireadh Fómhair 2021, *W.Ż. (Dlísheomra um rialú urghnách agus gnóthaí poiblí na Cúirte Uachtaraí – Ceapachán)* (C-487/19, EU:C:2021:798), ina bhfuil tásca a bhaineann le staid fheidhmiú chóras breithiúnach an Bhallstáit eisiúna.

79 I gcomhthéacs an mheasúnaithe sin, féadfaidh an t-údarás breithiúnach forghníomhaitheach cásdlí na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine a chur san áireamh freisin, inar cinneadh go ndearnadh sárú ar an gceanglas maidir le cúirt arna bunú le dlí maidir leis an bpróiseas ceapacháin (féach, go háirithe, ECtHR, an 22 Iúil 2021, *Reczkowicz* v. *an Pholainn*, CE:ECHR:2021:0722JUD004344719).

80 Chun gach críche, ba cheart a lua leis sin go n-áirítear ar na nithe ábhartha sin freisin cásdlí bunreachtúil an Bhallstáit eisiúna, ina dtugtar forlámhas dhlí an Aontais agus cineál ceangailteach ECHR faoi cheist, chomh maith le ceangailteacht bhreithiúnais na Cúirte Breithiúnais agus bhreithiúnais na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine a bhaineann le rialacha an Bhallstáit sin maidir le heagrú a chórais bhreithiúnaigh, lena n-áirítear breithiúna a cheapadh a bheith i gcomhréir leis an dlí sin agus leis an gCoinbhinsiún sin.

81 I gcás ina measann an t-údarás breithiúnach forghníomhaitheach, ar bhonn nithe amhail na cinn dá dtagraítear i míreanna 78 go 80 den bhreithiúnas seo, go bhfuil fíorbhaol ann go ndéanfar sárú ar an gceart bunúsach chun triail chóir a fháil, go háirithe i dtaca le heaspa neamhspleáchais chúirteanna an Bhallstáit sin nó sárú ar an gceanglas maidir le cúirt arna bunú roimhe sin le dlí, mar gheall ar easnaimh shistéamacha nó ghinearálaithe sa Bhallstát eisiúna, ní fhéadfaidh an t-údarás diúltú do bharántas gabhála Eorpach a fhorghníomhú gan an dara céim den scrúdú dá dtagraítear i míreanna 52 agus 53 den bhreithiúnas seo a dhéanamh.

An dara céim den scrúdú

82 Mar chuid den dara céim seo, ní mór don údarás breithiúnach forghníomhaitheach a mheasúnú an dócha go dtiocfaidh na heasnaimh shistéamacha nó ghinearálaithe a tugadh faoi deara le linn na chéad chéime den scrúdú seo chun cinn i gcás ina dtabharfar suas an duine lena mbaineann don Bhallstát eisiúna agus, in imthosca sonracha an cháis, an bhfuil fíorbhaol ann, dá bhrí sin, go ndéanfar sárú ar cheart bunúsach an duine sin chun triail chóir a fháil ó chúirt arna bunú roimhe sin le dlí, ceart a chumhdaítear sa dara mír d'Airteagal 47 den Chairt.

83 Is faoin duine is ábhar do bharántas gabhála Eorpach atá sé fianaise nithiúil a sholáthar lena dtugtar le tuiscint, i gcás nós imeachta um thabhairt suas chun pianbhreith nó ordú coinneála a fhorghníomhú, go raibh tionchar nithiúil ag na heasnaimh shistéamacha nó ghinearálaithe i gcóras breithiúnach an Bhallstáit eisiúna ar láimhseáil a cháis choiriúil agus, i gcás imeachtaí um thabhairt suas chun críoch ionchúisimh choiriúil, gur féidir go mbeidh tionchar den sórt sin ag na heasnaimh sin air. Déanfar an fhianaise nithiúil sin a bhaineann leis an tionchar, ina chás áirithe féin, atá ag na heasnaimh shistéamacha nó ghinearálaithe dá dtagraítear thuas a thabhairt ar aird gan dochar don fhéidearthacht don duine sin aon fhaisnéis shonrach eile a thabhairt ar aird a bhaineann go sonrach leis an gcás lena mbaineann agus lena bhféadfaí a shuíomh go ndéanfaí sna himeachtaí dá bhfuil an t-údarás breithiúnach eisiúna ag iarraidh é a thabhairt suas sárú nithiúil ar a cheart bunúsach chun triail chóir a fháil.

84 I gcás ina measann an t-údarás breithiúnach forghníomhaitheach nach leor an fhianaise a chuir an duine lena mbaineann os a chomhair, cé go dtugtar le tuiscint léi go raibh tionchar nithiúil ag na heasnaimh shistéamacha agus ghinearálaithe sin nó gur dócha go mbeadh tionchar nithiúil acu i gcás aonair an duine sin, chun a léiriú go bhfuil fíorbhaol ann, i gcás den sórt sin, go sárófar an ceart bunúsach chun cúirte arna bunú roimhe sin le dlí, agus, dá bhrí sin, chun diúltú don bharántas gabhála lena mbaineann a fhorghníomhú, ní mór don údarás sin, de bhun Airteagal 15(2) de Chinneadh Réime 2002/584, a iarraidh ar an údarás breithiúnach eisiúna aon fhaisnéis bhreise a mheasann sé is gá a sholáthar go práinneach.

85 A luaithe a cheanglaítear ar an údarás breithiúnach eisiúna an fhaisnéis sin a sholáthar don údarás breithiúnach forghníomhaitheach [breithiúnas an 25 Iúil 2018, *Generalstaatsanwaltschaft (Coinníollacha príosúin san Ungáir)*, C-220/18 PPU, EU:C:2018:589, mír 64 agus an cásdlí dá dtagraítear], féadfaidh an t-údarás breithiúnach forghníomhaitheach aon iompar a fhianaíonn an easpa comhair dhílis ar thaobh an údaráis bhreithiúnaigh eisiúna a mheas mar fhachtóir ábhartha chun a mheasúnú an bhfuil fíorbhaol ann don duine a n-iarrtar é a thabhairt suas, i gcás é a thabhairt suas, go sárófar a cheart bunúsach chun triail chóir a fháil os comhair cúirt arna bunú roimhe sin le dlí, a chumhdaítear leis an dara mír d'Airteagal 47 den Chairt.

86 É sin sonraithe, agus sa chás, ar thaobh amháin, dá dtagraítear i gCás C-562/21 PPU, inar eisíodh barántas gabhála Eorpach chun duine a thabhairt suas d'fhonn pianbhreith choimeádta nó ordú coinneála a fhorghníomhú, is faoin duine a n-iarrtar a thabhairt suas atá sé na fachtóirí nithiúla a

agairt ar ar a mbonn a measann sé go raibh tionchar nithiúil ag easnaimh shistéamacha nó ghinearálaithe chóras breithiúnach an Bhallstáit eisiúna ar na himeachtaí coiriúla a raibh an duine faoina réir, agus go háirithe maidir le comhdhéanamh fhoirmíocht na cúirte, ar tugadh uirthi an cás coiriúil i dtrácht a éisteacht, agus mar sin nár thug breitheamh amháin nó níos mó d'fhoirmíocht na cúirte sin na ráthaíochtaí neamhspleáchais agus neamhchlaontachta a cheanglaítear faoi dhlí an Aontais.

87 Mar is léir ó mhíreanna 74 go 76 den bhreithiúnas seo, agus contrártha lena bhfuil á áitiú ag Rialtas na hÍsiltíre, ní leor faisnéis lena tugtar le fios gur ceapadh breitheamh amháin nó níos mó a ghlac páirt sna himeachtaí inar ciontaíodh an duine a n-iarrtar a thabhairt suas ar thogra comhlachta atá comhdhéanta, den chuid is mó, de chomhaltaí a dhéanann ionadaíocht thar ceann an reachtais nó an fheidhmeannais nó atá roghnaithe acu siúd, mar atá i gcás KRS ó tháinig dlí an 8 Nollaig 2017 i bhfeidhm.

88 Dá bhrí sin, bheadh ar an duine lena mbaineann a chur ar fáil fós, maidir le foirmíocht na cúirte a rinne a chás coiriúil a éisteacht, faisnéis a bhaineann, go háirithe, leis an nós imeachta chun an breitheamh nó na breithiúna lena mbaineann a cheapadh agus maidir leis an bhféidearthacht díobh sin dul ar iasacht, ar a mbonn a bhféadfadh an t-údarás breithiúnach forghníomhaitheach a chinneadh, in imthosca an cháis, go bhfuil forais shubstaintiúla agus chruthaithe chun a mheas go raibh comhdhéanamh fhoirmíocht na cúirte sin de chineál a mbeadh tionchar aige ar cheart bunúsach an duine sin chun triail chóir a fháil os comhair cúirt neamhspleách, neamhchlaonta arna bunú roimhe sin le dlí, a chumhdaítear leis an dara mír d'Airteagal 47 den Chairt, le linn na n-imeachtaí coiriúla a raibh an duine sin faoina réir.

89 Dá bhrí sin, mar shampla, is féidir le faisnéis atá ar fáil don údarás breithiúnach forghníomhaitheach ina luaitear breitheamh áirithe a bheith ar iasacht i bhfoirmíocht na cúirte a rinne an cás coiriúil a bhaineann leis an duine a n-iarrtar a thabhairt suas a éisteacht, iasacht arna cinneadh ag an Aire Dlí agus Cirt ar bhonn critéir nach bhfuil ar eolas roimh ré agus atá inchúlghairthe tráth ar bith le cinneadh nach bhfuil foras tugtha ag an Aire sin leis, a bheith mar bhonn d'fhorais shubstaintiúla agus chruthaithe le teacht ar an gconclúid go bhfuil fíorbhaol ann go ndéanfar sárú, i gcás sonrach an duine lena mbaineann, ar an gceart bunúsach sin (féach, de réir analaí, breithiúnas an 16 Samhain 2021, *Prokuratura Rejonowa w Mińsku Mazowieckim e.a.*, C-748/19 go C-754/19, EU:C:2021:931, míreanna 77 go 90).

90 Ina theannta sin, tá aon fhaisnéis a bhaineann le cúrsa na n-imeachtaí coiriúla inar ciontaíodh an duine lena mbaineann ábhartha, amhail, i gcás inarb infheidhme, aon leas a bhain an duine sin as na leigheasanna atá ar fáil dó. Ba cheart a chur san áireamh, go háirithe, aon fhéidearthacht don duine sin chun a iarraidh, sa Bhallstát eisiúna, go ndéanfar comhalta amháin nó níos mó d'fhoirmíocht na cúirte a scaoileadh ón gcás, ar fhorais a bhaineann le sárú ar a cheart bunúsach chun triail chóir a fháil, aon leas a bhain an duine céanna as a cheart chun scaoileadh den sórt sin a iarraidh agus an fhaisnéis a fuarthas maidir leis an bhfreagairt a tugadh ar iarraidh den sórt sin le linn an nós imeachta sin nó le linn aon nós imeachta achomhairc.

91 Sa chás idir lámha, thug Rialtas na Polainne dá aire ina chuid barúlacha i scríbhinn, gan é seo a bheith tugtha faoi cheist ag an éisteacht, go bhforáiltear le dlí nós imeachta na Polainne don fhéidearthacht don duine lena mbaineann a iarraidh go ndéanfar duine de na breithiúna, nó foirmíocht na cúirte ina hiomláine, ar a n-iarrfar cás coiriúil an duine lena mbaineann a éisteacht, a scaoileadh ón gcás má bhíonn amhras ar an duine lena mbaineann maidir le neamhspleáchas nó neamhchlaontacht breithimh amháin nó níos mó i bhfoirmíocht na cúirte.

92 Níl aon ní sa chomhad atá ar fáil don Chúirt i gcomhthéacs na n-imeachtaí seo le haghaidh réamhrialú a fhágann gur féidir, in éagmais sonraí breise maidir le staid an dlí náisiúnta agus na bhforálacha ábhartha éagsúla de, teacht ar an gconclúid gur caitheadh amhras ar fhéidearthacht den sórt sin a bheith ann don duine lena mbaineann a chearta a chur i bhfeidhm de réir na himthoisce aonair atá luaite ag an gcúirt a rinne an tarchur agus dá dtagraítear i mír 19 den bhreithiúnas seo, is é sin, ó tháinig dlí an 20 Nollaig 2019 i bhfeidhm an 14 Feabhra 2020, nach féidir agóid éifeachtach a dhéanamh a thuilleadh i gcoinne bailíocht ceapacháin breithimh ná i gcoinne dlíthiúlacht feidhmeanna breithiúnacha a fheidhmiú.

93 Ar an taobh eile, maidir leis an gcás, dá dtagraítear i gCás C-563/21 PPU, ina n-eisítear barántas gabhála Eorpach chun críoch ionchúisimh choiriúil, is gá a chur in iúl nach leor an imthoisc, a luaigh an chúirt a rinne an tarchur, nach féidir leis an duine a n-iarrtar a thabhairt suas a bheith ar an eolas, roimh é a thabhairt suas, cé hiad na breithiúna a ghlaofar chun an cás coiriúil a d'fhéadfaí a thabhairt i gcoinne an duine sin a éisteacht, tar éis é a thabhairt suas, chun diultú dá thabhairt suas.

94 Ní fhágann aon ní sa chóras a cuireadh ar bun i gCinneadh Réime 2002/584 gur féidir a mheas go mbeadh tabhairt suas duine don Bhallstát eisiúna chun críoch ionchúisimh choiriúil ag brath ar dheimhniú go dtiocfadh an t-ionchúiseamh sin chun bheith ina imeachtaí coiriúla os comhair cúirt faoi leith, gan trácht ar aithint bheacht na mbreithiúna a ghlaofar chun cás coiriúil den sórt sin a éisteacht.

95 Bhainfeadh léirmhíniú contrártha gach éifeacht úsáideach ón dara céim den scrúdú dá dtagraítear i míreanna 52 agus 53 den bhreithiúnas seo agus chuirfeadh sé ní hamháin gnóthú chuspóir Chinneadh Réime 2002/584, a luaitear i mír 42 den bhreithiúnas seo, i mbaol, ach freisin an mhuinín fhrithpháirteach idir na Ballstáit atá mar bhunchloch an tsásra um barántas gabhála Eorpach a bunaíodh sa Chinneadh Réime seo.

96 Mar sin féin, in imthosca amhail na cinn atá i gceist i gCás C-563/21 PPU, nuair nach bhfuil comhdhéanamh fhoirmíocht na cúirte a ghlaofar chun an cás a bhaineann leis an duine atá ainmnithe i mbarántas gabhála Eorpach a éisteacht ar eolas tráth a chaithfidh an t-údarás breithiúnach forghníomhaitheach cinneadh a dhéanamh maidir leis an duine sin a thabhairt suas don Bhallstát eisiúna, ní féidir leis an údarás sin staonadh ó mheasúnú foriomlán a dhéanamh ar imthosca an cháis arb é is aidhm dó a fhíorú, ar bhonn na faisnéise arna soláthar ag an duine sin, arna forlíonadh, i gcás inarb iomchuí, leis an bhfaisnéis a chuirfidh an t-údarás breithiúnach eisiúna ar fáil, an bhfuil, i gcás é a thabhairt suas, fíorbhaol ann go sárófar ceart bunúsach an duine chéanna chun triail chóir a fháil os comhair cúirt arna bunú roimhe sin le dlí.

97 Mar a thug an tAbhcóide Ginearálta faoi deara, go bunúsach, i mír 63 dá Thuairim, féadfaidh nithe den sórt sin a bheith bainteach, go háirithe, le ráitis ó údaráis phoiblí a bhféadfadh tionchar a bheith acu sa chás sonrach atá i gceist. Féadfaidh an t-údarás breithiúnach forghníomhaitheach brath freisin ar aon fhaisnéis eile a mheasann sé a bheith ábhartha, amhail faisnéis a bhaineann le staid phearsanta an duine lena mbaineann, cineál an chiona a bhfuil an duine sin á ionchúiseamh ina leith agus an comhthéacs inar eisíodh an barántas ghabhála Eorpach, ach freisin, nuair is iomchuí, aon fhaisnéis eile atá aige maidir leis na breithiúna sna foirmíochtaí cúirte ar dócha go mbeidh dlínse acu chun na himeachtaí a mbeidh an duine sin faoina réir a éisteacht tar éis é a thabhairt suas don Bhallstát eisiúna.

98 Chuige sin, ba cheart, mar sin féin, a shonrú, de bharr na mbreithnithe atá leagtha amach i mír 87 den bhreithiúnas seo, nach leor an fhaisnéis sin a bhaineann le ceapadh, ar thogra ó chomhlacht atá comhdhéanta, go príomha, de chomhaltaí a dhéanann ionadaíocht thar ceann an reachtais nó an fheidhmeannais nó atá roghnaithe acu siúd, mar atá i gcás KRS ó theacht i bhfeidhm dhlí an 8 Nollaig 2017, de bhreitheamh amháin nó níos mó a shuíonn sa chúirt inniúil nó, nuair atá sí ar eolas, san fhoirmíocht chúirte lena mbaineann, chun a chinneadh go bhfuil fíorbhaol don duine lena mbaineann, i gcás é a thabhairt suas, go sárófar a cheart bunúsach chun triail chóir a fháil os comhair cúirt arna bunú roimhe sin le dlí. Chun cinneadh den sórt sin a dhéanamh, ar aon nós, glactar leis go mbeidh measúnú cás ar chás ar an nós imeachta chun an breitheamh nó na breithiúna lena mbaineann a cheapadh.

99 Mar an gcéanna, cé nach féidir leis an údarás breithiúnach forghníomhaitheach a chur as an áireamh go bhfuil fíorbhaol don duine ar a ndírítear barántas gabhála Eorpach arna eisiúint chun críoch ionchúisimh choiriúil, i gcás é a thabhairt suas, go ndéanfar sárú ar an gceart bunúsach sin ar an bhforas amháin gur féidir leis an duine sin a iarraidh, sa Bhallstát eisiúna, go scaoilfear ón gcás comhalta amháin nó níos mó den fhoirmíocht chúirte a n-iarrfar uirthi a chás coiriúil a éisteacht, féadfaidh an t-údarás sin, mar sin féin, féidearthacht den sórt sin a chur san áireamh mar ghné ábhartha chun an baol sin a mheasúnú [féach, de réir analaí, breithiúnas an 25 Iúil 2018, *Generalstaatsanwaltschaft (Coinníollacha príosúin san Ungáir)*, C-220/18 PPU, EU:C:2018:589, mír 117].

100 I dtaca leis sin, tá an imthoisc nach bhféadfar scaoileadh den sórt sin a iarraidh, i gcás inarb iomchuí, i gcomhthéacs barántas gabhála Eorpach arna eisiúint chun críoch ionchúisimh choiriúil, go dtí go mbeidh an duine lena mbaineann tugtha suas agus go mbeidh an duine sin ar an eolas maidir le comhdhéanamh fhoirmíocht na cúirte ar a n-iarrfar ionchúiseamh an duine sin a chinneadh neamhábhartha i gcomhthéacs an mheasúnaithe an bhfuil fíorbhaol ann go ndéanfar sárú, i gcás é a thabhairt suas, ar cheart bunúsach an duine sin.

101 Más rud é, tar éis measúnú foriomlán, go gcinnfidh an t-údarás breithiúnach forghníomhaitheach go bhfuil forais shubstaintiúla agus chruthaithe lena chreidiúint go bhfuil fíorbhaol don duine lena mbaineann, i gcás é a thabhairt suas, go ndéanfar sárú ar a cheart bunúsach chun triail chóir a fháil os comhair cúirt neamhspleách agus neamhchlaonta, arna bunú roimhe sin le dlí, ní mór don údarás sin, ar bhonn Airteagal 1(3) de Chinneadh Réime 2002/584, staonadh ón mbarántas gabhála Eorpach ábhartha a fhorghníomhú. Ina mhalairt de chás, ní mór dó an barántas sin a fhorghníomhú, i gcomhréir leis an oibleagáid i bprionsabal a leagtar síos in Airteagal 1(2) den Chinneadh Réime sin [féach, chuige sin, breithiúnas an 17 Nollaig 2020, *Openbaar Ministerie (Neamhspleáchas an údaráis bhreithiúnaigh eisiúna)*, C-354/20 PPU agus C-412/20 PPU, EU:C:2020:1033, mír 61].

102 Ag féachaint do na breithnithe go léir roimhe seo, is é an freagra ar na ceisteanna a chuirtear ná nach mór Airteagal 1(2) agus (3) de Chinneadh Réime 2002/584 a léirmhíniú sa chaoi go gciallaíonn sé i gcás ina bhfuil fianaise ag an údarás breithiúnach forghníomhaitheach a dtugtar air cinneadh a dhéanamh maidir le duine is ábhar do bharántas gabhála Eorpach a thabhairt suas, lena dtugtar le fios go bhfuil easnaimh shistéamacha nó ghinearálaithe ann maidir le neamhspleáchas na breithiúnachta sa Bhallstát eisiúna, go háirithe maidir leis an nós imeachta chun comhaltaí na breithiúnachta a cheapadh, nach bhféadfaidh an t-údarás sin diúltú don duine sin a thabhairt suas:

– i gcomhthéacs barántas gabhála Eorpach arna eisiúint chun pianbhreith choimeádta nó ordú coinneála a fhorghníomhú, ach amháin má chinneann an t-údarás sin go bhfuil, in imthosca

sonracha an cháis, forais shubstaintiúla agus chruthaithe lena chreidiúint, ag cur san áireamh go háirithe an fhaisnéis a sholáthair an duine sin a bhaineann le comhdhéanamh fhoirmíocht na cúirte a rinne a chás coiriúil a éisteacht nó aon imthosca eile atá ábhartha maidir le neamhspleáchas agus neamhchlaontacht na foirmíochta sin a mheasúnú, gur sáraíodh ceart bunúsach an duine sin chun triail chóir a fháil os comhair cúirt neamhspleách agus neamhchlaonta, arna bunú roimhe sin le dlí, a chumhdaítear leis an dara mír d'Airteagal 47 den Chairt, agus

– i gcomhthéacs barántas gabhála Eorpach arna eisiúint chun críoch ionchúisimh choiriúil, ach amháin má chinneann an t-údarás céanna sin, in imthosca sonracha an cháis, go bhfuil forais shubstaintiúla agus chruthaithe lena chreidiúint, agus an fhaisnéis a sholáthair an duine lena mbaineann á cur san áireamh go háirithe maidir lena chúinsí pearsanta, cineál an chiona a bhfuil sé á ionchúiseamh ina leith, an comhthéacs fíorasach lena mbaineann an barántas gabhála Eorpach nó aon imthosca eile atá ábhartha maidir le measúnú a dhéanamh ar neamhspleáchas agus neamhchlaontacht na foirmíochta cúirte ar dócha go n-iarrfar uirthi na himeachtaí a bhaineann leis an duine sin a éisteacht, go bhfuil, i gcás é a thabhairt suas, an duine sin i bhfíorbhaol go sárófar an ceart bunúsach sin.

Costais

103 Ós rud é, a mhéid a bhaineann sé leis na príomhpháirtithe sna príomhimeachtaí, go bhfuil na himeachtaí mar chéim sa chás os comhair na cúirte náisiúnta, baineann ceist na gcostas leis an gcúirt sin. Níl na costais a tabhaíodh trí bharúlacha a cuireadh faoi bhráid na Cúirte, seachas costais na bpáirtithe sin, inghnóthaithe.

Ar na forais sin, rialaíonn an Chúirt Bhreithiúnais (an Mór Dhlísheomra) mar seo a leanas:

Ní mór Airteagal 1(2) agus (3) de Chinneadh Réime 2002/584/CGB ón gComhairle an 13 Meitheamh 2002 maidir leis an mbarántas gabhála Eorpach agus na nósanna imeachta um thabhairt suas idir Ballstáit, arna leasú le Cinneadh Réime 2009/299/CGB ón gComhairle an 26 Feabhra 2009 a léirmhíniú sa chaoi go gciallaíonn sé i gcás ina bhfuil fianaise ag an údarás breithiúnach forghníomhaitheach a dtugtar air cinneadh a dhéanamh maidir le duine is ábhar do bharántas gabhála Eorpach a thabhairt suas, lena dtugtar le fios go bhfuil easnaimh shistéamacha nó ghinearálaithe maidir le neamhspleáchas bhreithiúnacht an Bhallstáit eisiúna, go háirithe maidir leis an nós imeachta chun comhaltaí na breithiúnachta a cheapadh, nach bhféadfaidh an t-údarás sin diúltú don duine sin a thabhairt suas:

– **i gcomhthéacs barántas gabhála Eorpach arna eisiúint chun pianbhreith choimeádta nó ordú coinneála a fhorghníomhú, ach amháin má chinneann an t-údarás sin go bhfuil, in imthosca sonracha an cháis, forais shubstaintiúla agus chruthaithe lena chreidiúint, ag cur san áireamh go háirithe an fhaisnéis a sholáthair an duine sin a bhaineann le comhdhéanamh fhoirmíocht na cúirte a rinne a chás coiriúil a éisteacht nó aon imthosca eile atá ábhartha maidir le neamhspleáchas agus neamhchlaontacht na foirmíochta sin a mheasúnú, gur sáraíodh ceart bunúsach an duine sin chun triail chóir a fháil os comhair cúirt neamhspleách agus neamhchlaonta, arna bunú roimhe sin le dlí, a chumhdaítear leis an dara mír d'Airteagal 47 den Chairt, agus**

– **i gcomhthéacs barántas gabhála Eorpach arna eisiúint chun críoch ionchúisimh choiriúil, ach amháin má chinneann an t-údarás céanna sin, in imthosca sonracha an cháis, go bhfuil forais shubstaintiúla agus chruthaithe lena chreidiúint, agus an fhaisnéis a sholáthair an duine lena mbaineann á cur san áireamh go háirithe maidir lena chúinsí pearsanta, cineál an chiona a bhfuil sé á ionchúiseamh ina leith, an comhthéacs fíorasach lena mbaineann an barántas gabhála Eorpach nó aon imthosca eile atá ábhartha maidir le measúnú a dhéanamh ar neamhspleáchas agus neamhchlaontacht na foirmíochta cúirte ar dócha go n-iarrfar uirthi na himeachtaí a bhaineann leis an duine sin a éisteacht, go bhfuil, i gcás é a thabhairt suas, an duine sin i bhfíorbhaol go sárófar an ceart bunúsach sin.**

Sínithe